PDF Complete
Your complimentary use period has ended. Thank you for using PDF Complete.
Click Here to upgrade to Unlimited Pages and Expanded Features

Eleathanach99

n 9 Eanáir 2012

Fáilte ar ais ar scoil tar éis na laethanta saoire. Tá súil ag an ELeathanach go raibh saoire dheas agaibh agus go mbeidh sibh ag obair go dian ar scoil arís in 2012.

Clár tallainne nua ar RTÉ gach Domhnach

Oíche Dhomhnaigh ar RTÉ thosaigh sraith nua, *The Voice of Ireland.* Cuireann Kathryn Thomas agus Eoghan Mc Dermott an clár i láthair.

Is clár tallainne é ina mbíonn daoine ag canadh, ach sa chlár seo ní bhíonn na moltóirí ag breathnú ar na hamhránaithe agus iad ag canadh. Bíonn ar na moltóirí a gcinneadh a dhéanamh ar an amhránaí is fearr ag brath go hiomlán ar ghuth an duine. Tá ceithre mholtóir ar an gclár: Bressie, Sharon Corr, Kian Egan agus Brian Kennedy.

Tar éis cúpla babhta beidh an clár beo sa Helix i mBaile Átha Cliath. Is féidir ticéid a fháil le bheith sa lucht féachana.

Cúl suimiúil sa chluiche idir Everton agus Bolton

I rith na seachtaine bhí cluiche sacair idir Bolton agus Everton.

Bhí an liathróid ag teacht isteach i dtreo chúl báire fhoireann Everton. Thug sé cic don liathróid. Bhí iontas an domhain air nuair a d'imigh an liathróid isteach sa chúl ar an taobh eile den pháirc.

Chabhraigh an ghaoth leis an liathróid an turas fada a dhéanamh ó thaobh amháin den pháirc go dtí an taobh eile. Ansin phreab an liathróid thar ceann chúl báire Bolton.

Fuair Bolton dhá chúl ina dhiaidh sin agus bhí an bua acu sa chluiche.

Beyonce agus Jay-Z ag ceiliúradh

Bhí cailín ag Beyonce agus Jay-Z ag an deireadh seachtaine. Ghlaoigh siad Blue Ivy uirthi. Rugadh í in ospidéal i Nua Eabhrac. Tá an-áthas ar dhaoine ar fud an domhain agus bhí *Twitter* an-ghnóthach tar éis do dhaoine an nuacht a chloisteáil.

Bhí cáil ar Beyonce mar bhí sí sa ghrúpa *Destiny's Child* agus ansin bhí sí ag canadh léi féin. Dhíol sí thar 25 milliún albam. Tá cáil ar Jay-Z mar cheoltóir rap agus tá 50 milliún albam díolta aige.